**Ireland State Savings®**
**NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY**

# ☐ Athrú Seolta agus/nó ☐ Athrú Ainm ar Tháirgí Taisce / Téarma Seasta

***TÁBHACHTACH** – Ba cheart na nótaí thall a léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo. Cuir X sa bhosca/sna boscaí cuí thuas. Tá aon réimse ar a bhfuil * éigeantach agus caithfear é a chomhlánú*

## PAINÉAL A SONRAÍ CUSTAIMÉARA

Teideal*

Céadainm*

Sloinne*

Uimhir Theagmhála Theileafóin*

Dáta Breithe* L L M M B B B B

Uimhir Chuntais*

***TÁBHACHTACH:** Tabhair faoi deara, athrófar do sheoladh agus / nó d'ainm cláraithe ar do shealúchais Coigilteas Stáit ar fad (seachas Duaisbhannaí). Feic Nóta 1.*

## PAINÉAL B SONRAÍ UM ATHRÚ SEOLTA – feic nóta 2

**Iarraim ar Coigilteas Stáit mo sheoladh cláraithe a leasú mar seo a leanas:**

**Seoladh roimhe seo*** *(BLOCLITREACHA)*

*Is féidir aon seoltaí eile roimhe seo a lua ar leathanach ar leith ar cheart a áireamh leis an bhfoirm seo.*

Éirchód

**Seoladh Nua*** *(BLOCLITREACHA)*

**TÁBHACHTACH:** Déan tagairt do na nótaí thall maidir le riachtanais Fianaise Aitheantais.

Éirchód

## PAINÉAL C SONRAÍ UM ATHRÚ AINM – feic nóta 3

Sonraí an Ainm roimhe seo* (BLOCLITREACHA)

Teideal* Céadainm* Sloinne*

Síniú Roimhe seo*

***TÁBHACHTACH:** Ní mór duit sonraí d'ainm roimhe seo a chur ar fáil trí chóip bhunaidh nó deimhnithe[1] de, mar shampla, Ceadúnas Tiomána AE nó Pas, teastas pósta, teastas gníomhais aonpháirtí nó foraithne iomlán (i gcás colscartha).*

Ainm Nua* (BLOCLITREACHA)

Teideal* Céadainm* Sloinne*

Síniú Nua*

***TÁBHACHTACH:** Ní mór cáipéisí bunaidh nó cóipeanna deimhnithe[1] de cháipéisí bunaidh de réir nóta 3 a bheith le gach iarratas ar athrú ainm.*

## PAINÉAL D CAITHFIDH AN SEALBHÓIR AN PAINÉAL SEO A SHÍNIÚ I LÁTHAIR FINNÉ - feic nóta 4

**Dearbhú agus Síniú:** Sínigh thíos lena dheimhniú gur léigh agus gur thuig tú na nótaí thall lena n-áirítear na nótaí maidir le Fianaise Aitheantais agus Sonraí Pearsanta. Sínigh agus dátaigh. Iarraim/Iarraimid ort sonraí m'ainm agus / nó mo sheoladh a leasú, de réir Painéal B agus / nó C thuas.

Síniú*

Dáta* L L M M B B B B

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóra Ainmnithe (i gcás gur mionaoiseach, faoi 18 an custaiméir)

Dáta* L L M M B B B B

**Finné**

Dearbhaím gur shínigh an duine ainmnithe thuas os mo chomhair agus gur thug an sé/sí cáipéisíocht um chruthúnas ar ainm reatha (don ainm roimhe seo agus don ainm nua más ainm atá ag athrú) agus dhá cháipéis bhailí agus reatha um chruthúnas ar sheoladh (nach sine ná 6 mhí) ar a raibh an seoladh nua. Dearbhaím chomh maith go ndearnadh fótachóip den cháipéisíocht a tugadh agus gur scríobhadh 'cóip bhunaidh feicthe' ar na cóipeanna agus go bhfuil siad faoi iamh leis an bhfoirm seo.

Ainm an Fhinné* *(BLOCLITREACHA)*

Uimhir Theil. Theagmhála an Fhinné:*

Seoladh an Fhinné* *(BLOCLITREACHA)*

TÁBHACHTACH
Stampa Oifigiúil
an Fhinné*

Síniú an Fhinné*

Éirchód

Gairm an Fhinné* (Bloclitreacha)

Dáta* L L M M B B B B

**Tabhair faoi deara gur gá d'fhinné neamhspleách gach fótachóip ábhartha ar cháipéisíocht chruthúnais a dheimhniú, iad a stampáil agus a sheoladh ar ais leis an bhfoirm seo chuig: Coigilteas Stáit, SAORPHOST, Riarachán Custaiméirí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.**

Ireland State Savings®
NATIONAL TREASURY MANAGEMENT AGENCY

## NÓTAÍ TÁBHACHTACHA – Le léamh sula gcomhlánaítear an fhoirm seo

1. **FAISNÉIS GHINEARÁLTA**
   Comhlánaigh an fhoirm i mBLOCLITREACHA le dúch gorm nó dubh agus seol ar ais an fhoirm chomhlánaithe leis na cóipeanna bunaidh nó deimhnithe¹ den cháipéisíocht chruthúnais chuig:- **Coigilteas Stáit, SAORPHOST, Riarachán Custaiméirí, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01F5P2.** Tabhair faoi deara, tá aon réimse ar a bhfuil * éigeantach agus caithfear é a chomhlánú. Ba cheart an Fhoirm 'Athrú Ainm/ Seolta ar Dhuaisbhanna' a chomhlánú agus a sheoladh chuig: Coigilteas Stáit, SAORPHOST, Duaisbhannaí, Ionad Fexco, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T. Tá an dá fhoirm ar fáil le híoslódáil ag www.statesavings.ie nó ar iarratas trí ghlaoch ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.
2. **ATHRÚ SEOLTA**
   Cinntigh go dtugann tú sonraí maidir le do sheoladh roimhe seo mar aon le do sheoladh nua. Ní mór cáipéisí bunaidh nó cóipeanna deimhnithe¹ de cháipéisí bunaidh mar seo a leanas a chur le gach iarratas ar athrú seolta; cáipéis um chruthúnas ar ainm reatha agus bailí **AMHÁIN** agus **DHÁ** cháipéis um chruthúnas ar sheoladh reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí) ar a bhfuil a seoladh nua a luadh). Seolfar cáipéisí bunaidh a chuirtear ar fáil ar ais chugat. Má bhíonn aon cheisteanna nó deacrachtaí agat chun an cháipéisíocht seo a chur ar fáil, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.
3. **ATHRÚ AINM**
   Cinntigh go dtugann tú sonraí maidir le d'ainm roimhe seo mar aon le d'ainm nua. Ní mór duit sonraí d'ainm roimhe seo a chur ar fáil trí chóip bhunaidh nó deimhnithe¹ de, mar shampla, Ceadúnas Tiomána AE nó Pas, teastas pósta, teastas gníomhais aonpháirtí nó foraithne iomlán (i gcás colscartha). Mar gheall go mbeidh athrú leis an síniú i gceist le hathrú ar ainm caithfidh tú síniú samplach a chur ar fáil. Ní mór cáipéisí bunaidh nó cóipeanna deimhnithe¹ de cháipéisí bunaidh mar seo a leanas a chur le gach iarratas ar athrú ainm; cáipéis um chruthúnas ar ainm reatha agus bailí **AMHÁIN** (a dheimhníonn sonraí d'ainm nua) agus **DHÁ** cháipéis um chruthúnas ar sheoladh reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí). Seolfar cáipéisí bunaidh a chuirtear ar fáil ar ais chugat. Má bhíonn aon cheisteanna nó deacrachtaí agat chun an cháipéisíocht seo a chur ar fáil, déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60 / 01 705 7200.
4. **SÍNIÚ AGUS FINNÉ**
   Cinntigh go síníonn tú an painéal seo os comhair finné neamhspleách ar duine amháin díobh seo a leanas é: Oifigeach Oifig Phoist, Ball den Gharda Síochána nó Dlíodóir / Coimisinéir Mionnaí cleachtach.
   Áirítear le cáipéisíocht um chruthúnas ar sheoladh inghlactha cóipeanna bunaidh nó *deimhnithe de **DHÁ** cheann ar bith díobh seo a leanas: Bille Tí reatha agus bailí (nach sine ná 6 mhí) (leictreachas, guthán, gás), ráiteas bainc, chumann foirgníochta nó Chomhar Creidmheasa, cáipéis oifigiúil ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Áirítear le cáipéisíocht um chruthúnas ar ainm inghlactha cóipeanna bunaidh nó ¹deimhnithe de cheann **AMHÁIN** ar bith díobh seo a leanas: Ceadúnas Tiomána AE nó Pas reatha agus bailí. Seolfar cáipéisí bunaidh ar ais chugat.
   **Cinntigh go ndearnadh fianú cuí ar an gcáipéisíocht chruthúnais riachtanach ar fad mar a leagtar amach i bPainéal D**
   ¹Cóip Deimhnithe – Féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig aon Oifig Phoist áit a ndéanfaidh Oifigeach Oifig Phoist fótachóip de lena dheimhniú mar fhíorchóip den leagan bunaidh. Nó sin, féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig Comhalta den Gharda Síochána nó Aturnae/Coimisinéir Mionnaí cleachtas, áit ar féidir leo fótachóip a dhéanamh den leagan bunaidh agus stampa a chur air lena dheimhniú mar fhíorchóip den leagan bunaidh.

## Nótaí maidir le Fianaise Aitheantais agus Sonraí Pearsanta

**1. FIANAISE AITHEANTAIS**

Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) chun críocha:
(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);
(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

Tig linn d'aitheantas a fhíorú:
(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó
(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, agus/nó do Chárta Seirbhísí Poiblí nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí duit).

I gcás nár thug tú fianaise aitheantais sásúil, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarradh go dtí go bhfíoraítear fianaise d'aitheantais go sásúil.

**2. SONRAÍ PEARSANTA**

Is é an NTMA Rialaitheoir Sonraí (chun críche an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa NTMA chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an NTMA agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i Nóta 1 (Fianaise Aitheantais):

(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;
(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach thuas.

Féadfaimid, ár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú thar ár gceann sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an Chomhaontaithe seo agus chun na críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile is gá nó is teagmhasach go réasúnach i gcomhair feidhmiú an Chomhaontaithe seo.

Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear faoi reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid).

Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios i bhfeidhm ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

Tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Feic www.dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.